Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2015**
**(OR. en)**

**13363/15**

**COAFR 310**
**ACP 153**
**CFSP/PESC 686**
**DEVGEN 204**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Deireadh Fómhair 2015 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13200/15 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir lePlean Réigiúnach Gníomhaíochta an Aontais do Chorn na hAfraice 2015-2020 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Réigiúnach Gníomhaíochta an Aontais do Chorn na hAfraice, faoi mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3420ú cruinniú dá cuid an 26 Deireadh Fómhair 2015.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le**
**PLEAN RÉIGIÚNACH GNÍOMHAÍOCHTA AN AONTAIS DO CHORN NA hAFRAICE 2015-2020**

1. Glacann an Chomhairle inniu an Plean Réigiúnach Gníomhaíochta do Chorn na hAfraice 2015-2020, atá i gceangal leis seo, ina leagtar amach cur chuige cuimsitheach an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin ar fud an réigiúin. Fearacht Chreat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice, a glacadh i mí na Samhna 2011, léiríonn an Plean Réigiúnach Gníomhaíochta seo a thábhachtaí atá sé don Aontas Eorpach leanúint den dlúthchomhar leis na comhpháirtithe ar fud an réigiúin agus na hionstraimí uile atá ar fáil á n-úsáid chun tacú agus cur leis an tsíocháin, an chobhsaíocht, an fás inbhuanaithe agus an rathúnas ar fud Chorn na hAfraice. Ó 2011 i leith, tá an-dul chun cinn déanta ag an Aontas chun an creat straitéiseach a chur chun feidhme, trí idirphlé polaitiúil agus trína lán-rannpháirteachas, trí mhisin an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) agus trí chúnamh spriocdhírithe maidir le comhar don fhorbairt. Sa Chreat Straitéiseach in 2011, leagadh amach gurbh iad seo a leanas na príomhdhúshláin: bochtaineacht dhianseasmhach, cúiseanna sóisialta casaoide, rialachas neamhchuntasach, éilliú, easpa smacht reachta, díospóidí faoi theorainneacha nó faoi acmhainní uisce, tionchar an athraithe aeráide, iomadú na n-arm beag, agus lagchomhar réigiúnach, agus cé go ndearnadh roinnt dul chun cinn go nuige seo, is mórfhadhbanna i gcónaí sa réigiún iad. Mar sin féin, tá trí shaincheist eile, a bhfuil tionchar acu ar leasanna an Aontais, tar éis teacht chun cinn mar ábhair shuntasacha ó shin i leith, eadhon tionchar an mhór-réigiúin máguaird ar Chorn na hAfraice; antoisceachas foréigneach; agus an imirce agus an t-easáitiú d'éigean.

2. Cuireann an Chomhairle in iúl go mba cheart don Aontas Eorpach tús áite a thabhairt, i gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha amach sa Chreat Straitéiseach, agus dúshláin nua an réigiúin á gcur san áireamh, do na cúig cinn de ghrúpaí de ghníomhartha seo a leanas don tréimhse 2015-2020, eadhon: an tslándáil agus an chobhsaíocht réigiúnach, an imirce agus an t-easáitiú d'éigean, an frith-radacú agus an t-antoisceachas foréigneach, an óige agus an fhostaíocht; agus cearta an duine, an smacht reachta agus an rialachas daonlathach. Caithfear deireadh a chur leis an mbochtaineacht sula mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin eile sin i gceart, agus is é sin a bheidh mar lárchuspóir ag comhar don fhorbairt an Aontais Eorpaigh. Chomh maith leis sin, oibreoidh an tAontas Eorpach le gníomhaithe uile an réigiúin le cinntiú go n-urramófar an dlí idirnáisiúnta daonnúil agus chun ról na mban a chur chun cinn i mbuanú na síochána agus i réiteach na gcoinbhleachtaí. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, caithfear gníomhú i réigiúin imeallacha agus thar theorainneacha, agus beidh gá le cur chuige níos sioncronaithe i leith ghnéithe polaitiúla, forbartha, eacnamíocha, imirce, inscne agus slándála na gceisteanna sin. Le cur chun feidhme an Phlean Réigiúnaigh Gníomhaíochta, cuirfear freisin leis an gcomhar idir na comhpháirtithe ábhartha ar fad, i réigiúin éagsúla agus taobh istigh den réigiún féin. Déanfar an Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme *inter alia* trí Chiste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh, ciste atá le cur i láthair ag an gCruinniú Mullaigh i Vaileite faoin Imirce an 11 agus an 12 Samhain 2015.

3. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé réidh le leanúint de bheith ag obair go dlúth, agus an fothú acmhainní san áireamh, le tíortha agus le heagraíochtaí réigiúnacha Chorn na hAfraice, chun tacú leo ina gcuid iarrachtaí chun an tsíocháin, an tslándáil agus an fhorbairt a bhaint amach. Déanfaidh an Plean Réigiúnach Gníomhaíochta a chur chun feidhme faoi úinéireacht agus faoi fhreagracht na dtíortha lena mbaineann, agus i ndlúthchomhar agus comhordú leis na príomheagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha agus le comhpháirtithe eile, amhail na Náisiúin Aontaithe (NA), an tAontas Afracach (AA), an tÚdarás Idir-rialtasach Forbartha (IGAD), Comhphobal na hAfraice Thoir (EAC), Comhairle Chomhair Stáit Arabacha na Murascaille (AGCC). Leagann an tAontas Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh dlúthchomhordú idirnáisiúnta agus réigiúnach ann, lena n-áirítear obair Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice, d'fhonn sineirgí a chruthú agus na tionscnaimh ábhartha ar fad á gcur chun feidhme.

4. Iarrann an Chomhairle ar an Ard Ionadaí agus ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhairle leis na Ballstáit, tús a chur le cur chun feidhme Phlean Réigiúnach Gníomhaíochta Chorn na hAfraice, i ndlúthchomhar le tíortha an réigiúin agus leis na príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta. Fillfidh an Chomhairle ar an ábhar sin de réir mar is iomchuí, ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana.

**PLEAN RÉIGIÚNACH GNÍOMHAÍOCHTA an AONTAIS do CHORN NA hAFRAICE 2015-2020**

## 1 Réamhrá

I mí na Samhna 2011, ghlac Airí Gnóthaí Eachtracha an Aontais Creat Straitéiseach do Chorn na hAfraice, chun rannpháirtíocht an Aontais sa réigiún a stiúrú. Leagadh amach cuspóirí an Aontais i gCorn na hAfraice[1] go soiléir sa Chreat Straitéiseach, eadhon síocháin; cobhsaíocht; slándáil; rathúnas; agus rialtais chuntasacha, agus sainaithníodh gníomhaíochtaí leis na spriocanna sin a chur chun cinn. Ina dhiaidh sin, cheap an tAontas Ionadaí Speisialta an Aontais do Chorn na hAfraice agus rinne sé athbhreithniú ar an gCreat Straitéiseach in Eanáir 2013. Mar thoradh ar an gCreat Straitéiseach, bunaíodh Plean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta do Chorn na hAfraice agus d'Éimin[2], Plean Gníomhaíochta maidir le Gníomhú Frithphíoráideachta, agus tionscnamh na Tacaíochta le hAthléimneacht Chorn na hAfraice (SHARE)[3]. Cé go bhfuil na tosaíochtaí sa Chreat Straitéiseach do Chorn na hAfraice fós bailí, tá roinnt saincheisteanna sonracha tar éis éirí níos suntasaí agus níos tábhachtaí le blianta beaga anuas, i. an creat geopholaitiúil níos ginearálta, na sreabha imirce measctha agus an radacú foréigneach. Táthar ag iarraidh leis an bPlean Gníomhaíochta sin Creat Straitéiseach an Aontais do Chorn na hAfraice a chur chun feidhme, agus aird á tabhairt ar na dúshláin nua atá ann, agus mar chomhlánú ar na Pleananna Gníomhaíochta agus ar an tionscnamh don réigiún, a luaitear thuas.

---

**1** Déantar Djibouti, an Eiritré, an Aetóip, an Chéinia, an tSomáil, an tSúdáin, an tSúdáin Theas agus Uganda a chumhdach leis an gCreat Straitéiseach.

**2** Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig an gComhairle "Plean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice agus d'Éimin", JOIN (2012) 24 final an 31.8.2012.

**3** "Ag Tacú le hAthléimneacht Chorn na hAfraice", Doiciméad Inmheánach Oibre (2012) 102 final an 11 Aibreán 2012.

Ó 2011 i leith, tá an-dul chun cinn déanta ag an Aontas chun an creat straitéiseach a chur chun feidhme, trí idirphlé polaitiúil agus trína lán-rannpháirteachas, trí mhisin an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) agus trí chúnamh spriocdhírithe maidir le comhar don fhorbairt. Trí thacú le Comhshocrú na Somáile[4], thug an tAontas cabhair shuntasach don tSomáil agus í ag teacht amach as coinbhleacht a mhair tamall fada. Chuir an tAontas go mór le laghdú na píoráideachta amach ó chósta na Somáile trí mhisin an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta agus trí chláir chomhair an Choimisiúin, lena ndearnadh cumas slándála muirí na dtíortha comhpháirtíochta a neartú mar aon lena n-inniúlacht chun foghlaithe mara a thabhairt os comhair na Cúirte. Mar sin féin, is ábhar imní iad bagairtí ar an tslándáil mhuirí i gcónaí.

Ar leibhéal níos ginearálta, is tábhachtach a bhfuil ag titim amach i gCorn na hAfraice ó 2011 i leith. Rinne roinnt mhaith tíortha sa réigiún dul chun cinn suntasach d'fhonn Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach. Tá méadú leanúnach tagtha ar OTI i bhformhór na dtíortha sa réigiún. De bhrí gur aimsíodh stoic ola agus gáis i roinnt tíortha, is mó an dóchúlacht atá ann go bhfeicfear fás eacnamaíoch tapa. Bhí sreabha den infheistíocht dhíreach eachtrach fós buacach in go leor tíortha sa réigiún. Bhain ardleibhéil fiontraíochta leis an ngnó sa réigiún, ó fhorbairt córas soghluaiste íocaíochta go líonraí a chruthú le haghaidh táirgí talmhaíochta orgánacha a sholáthar. Ag an am céanna, cuireann an t-athrú aeráide tuilleadh brú ar acmhainní atá gann cheana féin; agus, de bharr patrúin thaomacha na mbáistí agus na mbarr, is measa anois slí bheatha an-chuid daoine, ar daoine iad a bhí thíos go mór cheana féin leis an mbochtaineacht agus le neamhdheimhneacht an tsoláthair bhia. Anuas air sin, tá sé ina chogadh sibhialta sa tSúdáin Theas d'ainneoin a bhfuil d'iarrachtaí déanta arís agus arís eile chun an tsíocháin a bhaint amach agus comhaontú síochána a shíniú. Is déine anois atá an choinbhleacht shibhialta sa tSúdáin. Chuir grúpaí sceimhlitheoireachta, go háirithe Al-Shabaab, leis an tionchar atá acu i dtreo is go bhfuil siad mar bhaol do na stáit go léir atá sa réigiún faoin am seo agus d'éirigh leo an-chuid ainghníomhartha tromchúiseacha a dhéanamh. Bhí tionchar suntasach ag an gcoinbhleacht in Éimin ar an réigiún. Chomh maith leis sin, tá dúshláin mhóra fós ag tíortha an réigiúin ó thaobh an bhochtaineacht a laghdú de agus ó thaobh na neamhréireachtaí ioncaim, na dífhostaíochta agus easpa bunseirbhísí de. Is mó líon na ndaoine, idir iad siúd a easáitíodh go héigeantach agus gnáthimirceoirí, atá ag bogadh taobh istigh den réigiún agus ag iarraidh é a fhágáil, agus is i méid atá an líon díobh siúd a bhfuil a dtriail ar an Eoraip ag dul.

[4] Rinneadh Comhshocrú na Somáile mar thoradh ar phróiseas cuimsitheach chun tosaíochtaí na Somáile a chinneadh don tréimhse 2014-2016. Chuir Rialtas Cónaidhme na Somáile agus an pobal idirnáisiúnta tús leis an bpróiseas, atá bunaithe ar phrionsabail Mhargadh Nua Busan, i mí na Nollag 2012. I mí an Mhárta 2013, rinne Rialtas Cónaidhme na Somáile agus ionadaithe Pharlaimint Cónaidhme na Somáile, ionadaithe shochaí shibhialta na Somáile, na Náisiún Aontaithe agus ionadaí an phríomhdheontóra (an tAontas Eorpach) an Tascfhórsa Ardleibhéil a bhunú chun Comhshocrú na Somáile a stiúrú agus chun tacú leis, ar bhonn na cuntasachta frithpháirtí.

Cé go bhfuil tionchar mór ag an Aontas i gcónaí mar ghníomhaí i gCorn na hAfraice, trí bheith rannpháirteach go polaitiúil agus trína chomhar don fhorbairt araon, ní mór a aithint go bhfuil laghdú ag teacht ar a thábhachtaí atá an cúnamh forbraíochta mar chuid den bhuiséad náisiúnta, i gcás roinnt tíortha cé nach gach tír sa réigiún. Tá naisc níos dlúithe á bhforbairt ag tíortha an réigiúin le comhpháirtithe idirnáisiúnta éagsúla. Maidir leis an tSín, ní hamháin go bhfuil a ról eacnamaíoch sa réigiún ag éirí níos tábhachtaí ach ghlac sí ról polaitiúil uirthi féin freisin i gcaibidlíocht na síochána sa tSúdáin Theas. Is comhpháirtí tábhachtach de chuid an Aontais Eorpaigh iad na Stáit Aontaithe i gcónaí i dtaca leis na saincheisteanna ar fad. Léiríodh spéis agus rannpháirtíocht na Stát Aontaithe sa réigiún nuair a thug an tUachtarán Obama cuairt ar an áit i mí Iúil 2015. Sa chomhthéacs sin, is den ríthábhacht é go mbeadh comhar ann idir an tAontas Eorpach agus na gníomhaithe eile réigiúnacha agus idirnáisiúnta ar mhaithe le cobhsaíocht agus rathúnas an réigiúin ina iomláine.

Ní mór don Aontas aghaidh a thabhairt ar an méid a thit amach ó 2011 i leith, agus é ag obair in éineacht lena chomhpháirtithe sa réigiún. Ina theannta sin, cé gurb iad ballstáit na heagraíochta réigiúnaí do Chorn na hAfraice, an tÚdarás Idir-rialtasach um Fhorbairt (IGAD), a chumhdaítear sa Chreat Straitéiseach, tá an chuid is mó de na dúshláin a sainaithníodh, agus iad go léir b'fhéidir, ábhartha chomh maith céanna maidir leis an Tansáin, nach ballstát de chuid IGAD í.

Déanfar cur chun feidhme Chreat Straitéiseach an Aontais a shaothrú tríd an bPlean Gníomhaíochta seo, atá ceaptha chun cur síos a dhéanamh ar na réimsí ina dtabharfar faoi ghníomhaíochtaí tosaíochta le go gcuirfear ar chumas an Aontais dlús a chur lena rannpháirtíocht ar bhonn comhpháirtíochta le tíortha an réigiúin, agus ar bhonn na tíortha sin a bheith ina n-úinéirí, d'fhonn díriú ar fhorbairtí nua agus ar fhadhbanna ainsealacha araon sa tréimhse ó ghlacadh an phlean go dtí 2020. Tá sé mar aidhm leis an bplean gníomhaíochta seo freisin cur ar chumas an Aontais gníomhaithe eile a chuimsiú trí athmhachnamh a dhéanamh i leith a limistéar geografach comhair ionas go gcomhtháthófar Leithinis na hAraibe chomh maith leis an Éigipt agus leis an Libia, chun obair a dhéanamh thar theorainneacha d'fhonn díriú ar na réigiúin fhorimeallacha agus ar dhúshláin thrasnáisiúnta, agus chun bealaí cur chuige maidir le cúrsaí polaitiúla, forbartha, eacnamaíocha, imirce agus slándála a shioncronú agus a chomhordú níos fearr.

## 2 Timpeallacht pholaitiúil athraithe

Tá na dúshláin a aithníodh sa Chreat Straitéiseach do Chorn na hAfraice fós go hiomlán ábhartha sa lá atá inniu ann, is é sin le rá: easpa smachta reachta; rialachas neamhchuntasach; éilliú; tionchar an athraithe aeráide; ábhair casaoide sóisialta; díospóidí a bhaineann le teorainneacha nó le hacmhainní uisce; bochtaineacht leanúnach; iomadú na n-arm beag; agus comhar réigiúnach lag. Fágann na tosca sin go léir go bhfuil an éagobhsaíocht ainsealach sa réigiún. Mar sin féin, tá trí shaincheist eile, a mbíonn tionchar acu ar leasanna an Aontais, tar éis teacht chun cinn mar ábhair shuntasacha ó 2011 i leith, eadhon tionchar an mhór-réigiúin máguaird ar Chorn na hAfraice; an radacú; agus an imirce agus an t-easáitiú d'éigean.

(i) **An mór-réigiún máguaird:** Tá luaineacht ag baint le Corn na hAfraice i gcónaí, é ina réigiún atá faoi réir coinbhleacht fhoréigneach. Faoi láthair, is é laistigh de na stáit aonair a tharlaíonn an choinbhleacht den chuid is mó, amhail sa tSomáil, sa tSúdáin agus sa tSúdáin Theas. Ach tá Corn na hAfraice fós i mbaol ón gcoinbhleacht idir na stáit chomh maith. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag IGAD, mar chomhlacht réigiúnach, maidir leis an gcoinbhleacht inmheánach a bhainistiú, go háirithe sa tSomáil, agus freisin chun coinbhleachtaí, amhail an ghéarchéim sa tSúdáin Theas, a cheansú agus srian á chur aige, ar an dóigh sin, leis an riosca go dtarlódh coinbhleacht idirstáit. Fós féin, cé go bhfuil comhaontú leochaileach síochána ann, léiríonn an choinbhleacht sa tSúdáin Theas gur gá cur, a thuilleadh fós, le cumas IGAD sa réimse ríthábhachtach sin. Sa chreat seo, is den tábhacht é an comhar idir an tAontas Eorpach le IGAD agus leis na príomh-chomhpháirtithe réigiúnacha eile, an Aetóip go mór mór.

Bíonn tionchar ar dhinimic inmheánach féin an réigiúin ag dinimic níos ginearálta for-réigiúnach amhail páirt níos mó a bheith á glacadh ag Stáit na Murascaille i bpolaitíocht Chorn na hAfraice. Cé gur ábhar leasa riamh é Corn na hAfraice do Stáit na Murascaille mar gheall ar a gcóngaracht gheografach, tá polaitíocht agus slándáil Chorn na hAfraice fite fuaite go soiléir agus níos mó de réir a chéile leis na ceisteanna céanna de chuid Leithinis na hAraibe agus na hÉigipte, sa chaoi is gurb iad polaitíocht agus slándáil mhór-réigiún máguaird na Mara Rua, a bhfuil tionchar acu ar pholaitíocht an réigiúin agus ionas go ndéantar difear le polaitíocht an réigiúin do chúrsaí i réigiún na Mara Rua mar gheall air sin. Is fianaise í an ghéarchéim a bhí in Éimin le déanaí ar an athrú seo, agus bhí tionchar aici sin ar an tslándáil i dTuaisceart na Somáile agus ar sheasamh geopholaitiúil na Súdáine agus na hEiritré araon. Ag an am céanna, is pointe nasctha é Darfur idir Corn na hAfraice agus sa tSaiheil, agus tá tionchair shuntasacha ag an staid pholaitiúil sa chuid sin den tSúdáin ar Shead, ar Phoblacht na hAfraice Láir agus ar an Libia, agus a mhalairt go cruinn.

A mhéid a bhaineann le trádáil, is amhlaidh go bhfuil Corn na hAfraice, a bhfuil a thrádáil dírithe go traidisiúnta ar an Aigéan Indiach, tar éis teacht chun bheith ina chuid d'fho-réigiúin níos leithne thart ar an Mhuir Rua, trína dtagann 13% den trádáil dhomhanda go bliantúil. Níl aon fhóram réigiúnach, áfach, ar cuireadh de chúram air comhar a chur chun cinn maidir le slándáil mhuirí agus ábhair eile a bhaineann leis an Muir Rua. Mar gheall ar spleáchas na hEorpa ar an lána loingseoireachta sin le haghaidh trádála agus fuinnimh, tá leas tábhachtach ag an Aontas plé a chur chun cinn i measc na stát cladachúil agus príomhghníomhaithe eile ar bhainistiú slándála ar na lánaí loingseoireachta sin, agus ar shainaithint na mbunchúiseanna éagobhsaíochta agus conas dul i ngleic leo.

(ii) **An radacú foréigneach:** Tá foirmeacha éagsúla an antoisceachais fhoréignigh tar éis méadú ar fud Chorn na hAfraice le blianta beaga anuas. Tá an radacú Ioslamach agus an t-antoisceachas foréigneach, agus taca á chur faoi le craobhscaoileadh antoisceachais agus idé-eolaíochtaí Jiohádacha le blianta fada agus le tionchar Al-Qaeda, agus grúpaí gaolmhara eile amhail Al-Itihaad, Al-Islamiya agus Al-Shabaab ar fud an réigiúin, tar éis teacht chun cinn mar mhórdhúshlán. Ina theannta sin, tá an t-antoisceachas le feiceáil freisin i roinnt pobal Críostaí.

Tá cúiseanna líonmhara leis an radacú: an dóigh nach féidir lena lán stát feidhmeanna bunúsacha sóisialta a chomhlíonadh agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chothú, rud a fhágann go ndéantar cuid shubstaintiúil den daonra a imeallú (daoine óga go háirithe); doicheall forleathan maidir le beartas eachtrach an Iarthair; leibhéal fíorard dífhostaíochta ar beag seans atá ann é a fheabhsú; modhanna níos smachtúla agus níos forlámhaí a bheith á n-úsáid ag comhlachtaí stáit, amhail na póilíní, chun an t-ord poiblí a choinneáil; i dtíortha áirithe, tionchar na bhfórsaí armtha a bheith ag méadú sa rialtas agus i gcúrsaí gnó araon; agus, i gcásanna áirithe, cos ar bholg réamhbheartaithe á dhéanamh ar ghrúpaí ar leith. Mar gheall ar na tarlúintí sin uile, baintear an bonn de dhlisteanacht an stáit. Agus an stát ag tarraingt siar ó na seirbhísí sóisialta bunúsacha, amhail oideachas, a chur ar fáil, tá folús ann a dhéanann grúpaí radacacha iarracht a líonadh d'aon ghnó d'fhonn tacaíocht agus comhbhá a fháil i measc an daonra i gcoitinne. I measc pobal a leag béim roimhe sin ar chéannacht eitneach, tá céannacht á glacadh acu, i gcásanna áirithe, ar bhonn reiligiúin, ar dóchúla, dá bharr sin, go dtiocfaidh polaitíocht sheicteach chun tosaigh i réigiún ina bhfuil líon mór pobal éagsúil. Mar thoradh ar neamhábaltacht na Stát sa réigiún aghaidh a thabhairt ar an radacú agus ar an antoisceachas foréigneach ar bhealach éifeachtach, méadaítear ar an dúshlán.

Leanann an t-easpónant is sofaisticiúla den antoisceachas foréigneach, Al-Shabaab, d'earcaigh a mhealladh ó phobail na Somáile ar fud Chorn na hAfraice agus lastall de, ach, le blianta beaga anuas, cuireadh go mór lena bhallraíocht le líon méadaitheach earcach nach Somálaigh iad, lena n-áirítear Céiniaigh, Tansánaigh, Ugandaigh agus Aetópaigh. Tá líon beag Eorpach tar éis dul isteach sa ghluaiseacht freisin. Tá ógánaigh eile i gCorn na hAfraice, lena n-áirítear baill den diaspóra ón tSomáil, ag iarraidh a bheith páirteach anois i ngrúpaí Jiohádacha, ní sa tSomáil ach san Iaráic agus sa tSiria.

(iii) **Imirce, teifigh agus daoine easáitithe ina dtír féin (IDPanna):** Is foinse agus is bealach idirthurais araon iad na tíortha i gCorn na hAfraice do shreabha imirce nach bhfacthas riamh i dtreo na Eorpa, thíortha na Murascaille, an Mheánoirthir agus na hAfraice Theas, agus chomh maith leis sin is tíortha cinn scríbe iad don imirce. Fágann líon suntasach teifeach a dtír chun éalú ón gcoinbhleacht fhoréigneach, ón ngéarleanúint pholaitiúil nó ó thubaistí comhshaoil; is ann do líon substaintiúil teifeach agus daoine easáitithe ina dtír féin (IDPanna) mar thoradh ar na coinbhleachtaí sa tSomáil, sa tSúdáin agus sa tSúdáin Theas agus, freisin mar thoradh ar an gcos ar bolg leanúnach san Eiritré. I gcásanna áirithe, baineann lucht gáinneála mí-úsáid thromchúiseach as teifigh agus iad ar a mbealach anall. Leanann cuid de na teifigh sin ar aghaidh lena dturas tríd an Afraic Thuaidh chuig an Aontas. In 2014, deonaíodh tearmann nó cosaint choimhdeach san Aontas Eorpach do thart ar 22,000 duine ó thíortha Chorn na hAfraice[5]. Ina theannta sin, laistigh den réigiún, is tíortha idirthurais nó cinn scríbe le haghaidh teifeach iad tíortha amhail an Aetóip, an Chéinia, an tSúdáin, agus Uganda. Tá an líon is mó teifeach san Afraic i láthair san Aetóip agus sa Chéinia, mar a bhfuil thart ar 700,000 agus 550,000 teifeach sna háiteanna sin faoi seach.

---

5 Iarrthóirí tearmainn agus cinntí ag an gcéadchéim maidir le hiarratais ar thearmann: 2014, Tábla 11. Fócas ar Shonraí Eurostat, Páipéar 3/2015, an 19 Márta 2015.

Is fachtóir tábhachtach san imirce eacnamaíoch é an fás tapa daonra sa réigiún le blianta beaga anuas; an ráta clannmhaireachta i dtíortha uile an réigiúin, tá sé os cionn, nó go mór os cionn, an mheáin dhomhanda. Is minic a bhíonn ionchas sóisialta agus eacnamaíoch an-teoranta ag an bpobal óg sin i gCorn na hAfraice, le rátaí arda dífhostaíochta i measc an ógra. I ngeall ar an bhfás in OTI náisiúnta, a dháiltear go héagothrom i measc an phobail go minic, mar aon le teagmháil mhéadaithe leis na meáin idirnáisiúnta agus shóisialta, bíonn dóchas méadaithe ann nach sásaítear go minic. In ainneoin dul chun cinn suntasach a rinneadh i roinnt tíortha i dtreo Spriocanna Forbartha na Mílaoise, is dealbh go fóill atá níos mó ná leath den daonra i roinnt tíortha sa réigiún sin. Tá tionchar ar thíortha ar fud an réigiúin de bharr díghrádú tromchúiseach comhshaoil, fairsingiú na bhfásach agus tubaistí nádúrtha. Tá na mná, go háirithe, faoi mhíbhuntáiste shonrach i bhformhór na dtíortha sa réigiún. I gcásanna áirithe, measann na grúpaí is boichte sa tsochaí go bhfuil an Stát fuarchúiseach agus bodhar ar a riachtanais. Míshástacht le struchtúir rialtais a mheastar - go háirithe i measc na ndaoine is boichte - a bheith éillitheach nó neamhchuntasach, imeallú na mionlach, agus srianta méadaitheacha maidir le saoirse pholaitiúil i roinnt tíortha sa réigiún, is cúiseanna iad siúd uile a chuireann iallach ar dhaoine aonair saol nua a lorg in áit éigin eile.

Tá líon ard na ndaoine sa réigiún atá toilteanach dul ar imirce i bhfad níos mó ná na féidearthachtaí teoranta le haghaidh bealaí dleathacha don imirce, bíodh sé laistigh den réigiún nó lasmuigh de. Ciallaíonn easpa deiseanna don imirce dleathach nó nósanna imeachta casta agus costasacha go measann a lán imirceach nach bhfuil aon rogha eile ann ach úsáid a bhaint as bealaí neamhrialta. Ina theannta sin, is minic gur ró-lag atá cumas riaracháin na dtíortha sa réigiún chun déileáil leis na gnéithe go léir a bhaineann leis an imirce neamhrialta - ó bhainistiú teorann go dtí gáinneáil ar dhaoine nó smuigleáil imirceach.

## 3 Dúshláin nua

Mar a shainítear sa Chreat Straitéiseach, luíonn leasanna an Aontais i gCorn na hAfraice fós le tábhacht gheostraitéiseach an réigiúin, le rannpháirtíocht stairiúil an Aontais le tíortha an réigiúin, le mian an Aontais tacaíocht a thabhairt do leas an phobail, agus leis an ngá atá ann go rachaidh an tAontas i ngleic le dúshláin chomhchoiteanna mar aon le go ndéanfaidh sé a shaoránaigh a chosaint ó na bagairtí atá ag teacht ó roinnt áiteanna sa réigiún.

Is iad na cuspóirí atá ag an Aontas fós síocháin níos fearr, cobhsaíocht, slándáil, fás cuimsitheach, rathúnas agus rialtais chuntasacha a bhunú, d'fhonn cuidiú le stáit na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.

Tá na cúig réimse leathana le haghaidh oibre ag an Aontas d'fhonn na cuspóirí sin a shaothrú fós ábhartha:

1) Cabhrú leis na tíortha ar fad sa réigiún struchtúir pholaitiúla a thógáil a bheadh freagrach agus láidir, lena n-áirítear institiúidí cathartha agus sibhialta, ar struchtúir iad lena gcuirfí ar chumas mhuintir Chorn na hAfraice a n-ardmhianta polaitíochta dlisteanacha a léiriú agus lena n-áiritheofaí go n-urramófaí a gcearta agus a saoirsí bunúsacha;

2) Oibriú le tíortha an réigiúin agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta (go háirithe leis na Náisiúin Aontaithe agus leis an Aontas Afracach, agus leis an Údarás Idir-rialtasach ar Fhorbairt (IGAD) chun coinbhleachtaí reatha a réiteach go hiomlán, go háirithe sa tSomáil, sa tSúdáin Theas agus sa tSúdáin, agus chun coinbhleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo idir tíortha nó i dtíortha a sheachaint;

3) Go dtí go mbainfear an méid sin amach, áiritheoidh sé nach ndéanfaidh éagobhsaíocht an réigiúin slándáil daoine eile atá taobh amuigh de theorainneacha an réigiúin a chur i mbaol, mar shampla, trí choiriúlacht mhuirí (lena n-áirítear an phíoráideacht), trí sceimhlitheoireacht nó trí imirce mírialta;

4) Tacóidh sé le hiarrachtaí chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach na dtíortha agus na ndaoine ar fad sa réigiún a chur chun cinn, chun a chur ar chumas na ndaoine an bhochtaineacht a laghdú, an rathúnas a mhéadú, inbhuanaitheacht comhshaoil a áirithiú, chun comhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus leas a bhaint as na sochair a bhaineann le domhandú;

5) Tacóidh sé le comhar réigiúnach eacnamaíoch agus polaitiúil agus cabhróidh sé le ról na gComhphobal Eacnamaíoch Réigiúnach chun leas a bhaint as treochtaí agus forbairtí dearfacha trasna teorainneacha náisiúnta;

D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta ó thaobh chuspóirí Chreat Straitéiseach Chorn na hAfraice a bhaint amach, mar shampla sa tSomáil agus ó thaobh na slándála muirí de, tá méadú tar éis teacht ó 2011 i leith ar easáitiú éigeantach na ndaoine agus ar an sreabhadh imirce a thagann leis sin.

Ba cheart níos mó airde a leagan ar na dúshláin seo a leanas i gcur chun feidhme an Chreata Straitéisigh don tréimhse 2015-2020.

(i) Is iomaí tír sa réigiún ina bhféadfadh coinbhleacht agus díchobhsú teacht chun cinn de bharr easpa struchtúrach forbartha agus institiúidí cuntasacha stáit. Lena bhfuil ag tarlú sa mór-réigiún máguaird is mó fós an díchobhsú. Is gá creata a bhunú don chomhar agus don chomhtháthú trí mheán **an chomhair don tslándáil agus don fhorbairt** idir tíortha Chorn na hAfraice iad féin, le IGAD, agus idir iad sin agus an mór-réigiún máguaird, eadhon Leithinis na hAraibe, tíortha na Mara Rua, an Éigipt agus an Libia san áireamh. I gcás na dtíortha sin ina bhfuil coinbhleachtaí nó géarchéimeanna tromchúiseacha polaitiúla, ba cheart leanúint de na hiarrachtaí idirghabhála ar gach leibhéal.

(ii) Na daoine sin atá beo bocht, seans go bhféachfaidís le dul ar **imirce** nó d'fheádfaidís teacht faoi chuingir an radacaithe. Is gá, dá bhrí sin, tacú le dlisteanacht na stát i gCorn na hAfraice, trí threisiú lena gcumas gach gné den chonradh sóisialta eatarthu féin agus a gcuid saoránach a chomhlíonadh, sa chaoi go mbeidh teacht ag na saoránaigh sin ar shlándáil fhisiciúil agus ar bhunseirbhísí sóisialta, amhail an t-oideachas agus an cúram sláinte, lena bhféadfadh siad saol dínitiúil a chaitheamh. Anuas air sin, leis na sreabha meádaitheacha imirce, tá brú mór á chur ar acmhainní riaracháin na stát sa réigiún. Ar bhonn an phrionsabail "tuilleann breis tuilleadh", is gá feabhas a chur ar an gcomhar a dhéantar le comhpháirtithe sa réigiún chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna agus chun roghanna eile a chur ar fáil seachas an imirce mírialta agus an t-easáitiú éigeantach, tacú le cumas na stát sreabha measctha imirce a bhainistiú ar bhealach níos fearr, trí bhainistiú comhtháite teorainneacha freisin, agus cabhrú chun lucht na gáinneála ar dhaoine agus lucht smuigleála imirceach a chomhrac, i gcomhréir le ceithre cholún an Chur Chuige Dhomhanda i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta (GAMM)[6].

---

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige domhanda i leith na himirce agus na soghluaisteachta, COM(2011) 743 final, a glacadh an 11 Samhain 2011.

(iii) Is den riachtanas é go gcuirfí chun cinn an struchtúr polaitiúil agus institiúideach a bheadh mar bhonn don iolrachas má táthar chun cur i gcoinne **an antoisceachais fhoréignigh** sin atá ag éirí níos mealltaí in aghaidh an lae. Ba cheart na Stáit agus an tsochaí shibhialta a spreagadh chun bearta a chur chun feidhme lena gcuirfí chun cinn an chaoinfhulaingt reiligiúnach, an cuimsitheacht agus an chómhaireachtáil shóisialta. Ba cheart cur i gcoinne an imeallaithe agus an éadóchais freisin, ar féidir leo bheith ina gcúis leis an radacú.

(iv) Is beag an deis a bheidh ag daoine óga saol sochair a chaitheamh ina gcomhphobail féin ceall seans a bheith acu post a fháil. Is den riachtanas é go gcruthófaí fostaíocht inbhuanaithe a mbeadh dálaí cearta oibre ag gabháil léi, má táthar chun freastal ar a bhfuil ag teastáil ó **aos óg** an réigiúin. Ní mór aird ar leith a dhíriú freisin ar chumhachtú na mban agus ar aghaidh a thabhairt ar idirdhealú uileláithreach na hinscne. I bhfianaise an méid sin, is den riachtanas é go ndéanfaí iarrachtaí chun **an fhostaíocht** a chur chun cinn sa réigiún

(v) Le sáruithe ar chearta an duine, easpa smachta reachta agus rialachas forlámhach, bíonn eisiamh, ábhar casaoide agus coimhthiúchán ann i measc na saoránach; d'ainneoin iarrachtaí an Aontais Eorpaigh dul i dteagmháil le tíortha an réigiúin maidir leis an ceisteanna sin, is ábhar deacair iad i gcónaí don chomhar agus is beag an feabhas atá le feiceáil. Ní mór na Stáit a spreagadh chun feabhas a chur ar an **rialachas**, **cearta an duine** a urramú, an smacht reachta a chur chun feidhme agus na próisis dhaonlathacha a urramú, le go mbeidh dlisteanacht ag gabháil leis an stát agus go mbeidh sé cuntasach agus freagrúil ó thaobh thuairimí agus riachtanais na saoránach. Sa chomhthéacs sin, tá sé riachtanach go méadófar an spás don tsochaí shibhialta agus do na meáin agus go neartófar cumas na saoránach agus na bpobal chun eagrúchán a dhéanamh. Caithfear é a chur ina luí ar na stáit freisin go gcaithfidh siad an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú agus rochtain dhaonnúil gan bac a cheadú.

## 4 Gníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh

I gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha amach sa Chreat Straitéiseach, agus dúshláin nua an réigiúin á gcur san áireamh, ba cheart don Aontas Eorpach tús áite a thabhairt do na cúig cinn de ghrúpaí de ghníomhartha seo a leanas don tréimhse 2015-2020: an tslándáil agus an chobhsaíocht réigiúnach; an imirce agus an t-easáitiú éigeantach; cur i gcoinne an radacaithe agus an antoisceachais fhoréignigh; an óige agus an fhostaíocht; agus cearta an duine, an smacht reachta agus an rialachas daonlathach. Cuirfidh sé sin leis an tacaíocht ón Aontas Eorpach lena bhféachtar le fás cuimsitheach eacnamaíochta a chur chun cinn i gCorn na hAfraice.

Ós rud é go bhfuil tábhacht ag roinnt leis an Tansáin i gCorn na hAfraice agus go bhfuil an tír sin go mór faoi thionchar an radacaithe agus na himirce mar a luaitear thuas, ba cheart go mbainfeadh raon feidhme an Phlean Ghníomhaíochta seo leis an Tansáin freisin.

### An tSlándáil agus an Chobhsaíocht Réigiúnach

(i) **Creataí polaitiúla réigiúnacha a fhorbairt:** Ba cheart cur leis an obair éascaíochta a rinne Ard-Ionadaí an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice i ndáil le Comhaontú Uiscí na Níle, agus leis an gcomhordú le gníomhaithe na Murascaille i ndáil leis an tSomáil, trí theagmháil níos déine a dhéanamh leis na comhpháirtithe sa Mhurascaill, san Éigipt agus sa Libia, sa bhreis orthu siúd i gCorn na hAfraice, chun tacú le creataí polaitiúla a d'fhéadfadh bheith ina dtaca do chobhsaíocht réigiún na Mara Rua. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Aontas Eorpach tacú leis an obair ullmhúcháin do chomhdháil ardleibhéil slándála réigiúnaí. Ba cheart go spreagfadh an tAontas Eorpach go ndéanfaí Corn na hAfraice a phlé ag cruinnithe Aireachta agus cruinnithe Oifigeach Sinsearach le Comhairle Chomhair na Murascaille, agus féachaint an bhféadfaí cruinnithe tríthaobhacha a bhunú, chomh maith le hidirphlé struchtúraithe polaitiúil a oscailt leis an Araib Shádach agus le Stáit na Murascaille, sa bhreis ar an idirphlé atá ann le Comhairle Chomhair na Murascaille faoi láthair. Ba cheart don Aontas na tíortha sa mhór-réigiún máguaird a spreagadh le páirt níos mó a ghlacadh i meicníochtaíiomchuí comhordaithe ar leibhéal na tíre.

(ii) **Ag tacú leis an Údarás Idir-rialtasach ar Fhorbairt (IGAD):** De réir mar a fhoráiltear sa Chreat Straitéiseach, má leanfar de bheith ag tacú le IGAD, lena n-áirítear coinbhleachtaí a sheachaint, luathrabhadh a thabhairt agus idirghabháil a dhéanamh, is ea is mó an spreagadh a bheidh ann don chomhtháthú polaitiúil agus slándála sa réigiún. Dá gceanglódh an Eiritré le IGAD athuair, b'ábhartha a bheadh sé i ndáil leis an méid sin thuas. Ba cheart don Aontas Eorpach dul i mbun idirphlé le rúnaíocht agus le Ballstáit IGAD faoi mheicníocht iomchuí slándála don réigiún agus faoi ról agus uaillmhian IGAD i ndáil leis sin. Déanfaidh SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin measúnú ar ról na n-eagraíochtaí ábhartha réigiúnacha eile, agus taobhóidh siad le comhleanúnachas agus le dlúthchomhar idir na meicníochtaí réigiúnacha ar fad. A dhála sin, ba cheart teagmháil an Aontais Eorpaigh leis an Aontas Afracach a chur san áireamh, go háirithe i bhfianaise a róil sa tSomáil trí AMISOM, agus é mar aidhm dul chun cinn a dhéanamh faoi thuairim an Struchtúr Afracach um Shíocháin agus um Shlándáil a oibríochtú ina iomláine.

(iii) **Athbhreithniú a dhéanamh ar mhisin CBSC:** Tá breithniú á dhéanamh ag an gComhairle, ag SEGS agus ag seirbhísí an Choimisiúin, laistigh dá n-inniúlachtaí ábhartha, ar chur chun feidhme oibríochtaí CBSC, ar na socruithe slándála, na hionstraimí agus na sócmhainní atá sa réigiún, lena n-áirítear fothú acmhainní d'fhonn tacú leis an tslándáil agus an fhorbairt, ar sainaithníodh an tSomáil le haghaidh treoirthionscadail dá leith. Is cuid thábhachtach de "bhosca uirlisí" an Aontais Eorpaigh é CBSC ó thaobh a rannpháirtíochta i gCorn na hAfraice, sa tSomáil go háirithe. Leis an athbhreithniú straitéiseach, iomlánaíoch a dhéanfar ar thrí mhisean CBSC sa réigiún sin níos déanaí i mbliana, soláthrófar anailís ar an méid atá bainte amach go nuige seo agus ar na roghanna atá ann don todhchaí.

(iv) **Ag tacú leis an idirghabháil agus leis an idirphlé:** Féadfar earraíocht mhaith a bhaint as meicníochtaí iomchuí idirghabhála, idirphlé agus ceartais idirthréimhsigh chun dul i ngleic le bunchúiseanna na gcoinbhleachtaí ar fud an réigiúin, lena n-áirítear i limistéir na dteorainneacha. Ba cheart don Aontas a bheith toilteanach cosc ar choinbhleachtaí agus próisis idirghabhála ar leibhéil éagsúla a ghlacadh ar láimh i gcónaí - ó leibhéal an rialtais go leibhéal na bpobal áitiúil - agus ag céimeanna difriúla - ó réamhchainteanna go céim chur chun feidhme na gcomhaontuithe síochána. Leanfaidh an tAontas de ról na mban a chur chun cinn i gcothú na síochána agus i réiteach coinbhleachtaí, i gcomhréir le Rún 1325 (2000)[7] ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Rúin eile dá éis sin maidir le Mná, Síocháin agus Sábháilteacht, lena n-áirítear Rún 2242 (2015).

---

[7] Féach Doiciméad 15671/1/08 ón gComhairle REV 1.

(v) **Gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chomhrac:** Is dúshláin fós iad in go leor tíortha sa réigiún rialú a dhéanamh ar fhorleathadh mionarm agus arm éadrom, an gháinneáil ar dhrugaí, póitseáil agus gáinneáil ar ainmhithe fiáine, trasnú neamhdhleathach teorainneacha, sreabha mídhleathacha airgeadais agus iascaireacht neamhrialáilte. Ba cheart don Aontas dlús a chur lena chuid tacaíochta dá chomhpháirtithe lena chinntiú go ndéanfar imscrúdú, brath agus ionchúiseamh i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin.

(vi) **Cur chuige de réir gach tíre faoi leith:** (1) **An tSomáil** - Ba cheart don Aontas Eorpach, agus é ag obair go comhpháirteach le comhpháirtithe idirnáisiúnta, leanúint de thacú le próiseas síochánta, idirthréimhseach toghchánach sa tSomáil, agus de thacú le struchtúr inbhuanaithe a chruthú don riarachán poiblí agus don tslándáil náisiúnta, agus foirmiú stát cónaidhmeach mar chomhthéacs. Ba cheart don Aontas Eorpach, in éineacht le comhpháirtithe eile, leanúint de thacú le hiarrachtaí an rialtais, agus é ag obair in éineacht le AMISOM, chun an tslándáil agus an chobhsaíocht a áirithiú sa tír. Ba cheart don Aontas infheistíocht a dhéanamh chun cumas an stáit a fhorbairt agus bunoideachas agus cúram sláinte a chur ar fáil agus, chomh maith leis sin, cuimhneamh ar thacaíocht a thabhairt i leith an ardoideachais. Ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag tacú leis an smacht reachta, le rialachas daonlathach agus le spás níos leithne a chruthú don tsochaí shibhialta agus do na meáin. (2) **An Eiritré** - Ba cheart don Aontas dlús a chur, de réir a chéile, leis an idirphlé agus leis an gcomhar atá ar bun aige leis an Eiritré d'fhonn foráil ar rialtas na hEiritré saoirsí polaitiúla agus eacnamaíocha níos fearr a dheonú do na saoránaigh sa tír. Ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag tacú le réiteach polaitiúil a fháil ar dhíospóidí teorann idir an Eiritré-an Aetóip, agus an Eiritré-Djibouti, ní a chuideoidh le cobhsaíocht agus le forbairt fhoriomlán a fhothú ar fud Chorn na hAfraice. (3) **An tSúdáin Theas** - Ba cheart don Aontas tacú le hiarrachtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun an tsíocháin a chur i réim sa tSúdáin Theas agus, ag an am céanna, leanúint de bheith ag díriú ar a thrédhearcaí atá na hioncaim ola, ar an gcuntasacht agus ar sholáthar seirbhísí sóisialta bunúsacha. Fairis sin, ba cheart go mbeadh sé de rún ag an Aontas i gcónaí friotháil ar na riachtanais mhéadaithe dhaonnúla a éiríonn de dhroim coinbhleachtaí. (4) **An tSúdáin** - Ar deireadh, ba cheart don Aontas tacú freisin leis na hiarrachtaí chun teacht ar réiteach polaitiúil, cuimsitheach agus iomlánaíoch, sa tSúdáin.

**Imirce agus easáitiú éigeantach**

(i) **Próiseas Chartúm a chur chun feidhme:** Ba cheart go mbeadh mar aidhm ag an Aontas compháirtíochtaí fairsinge a bhunú sa réigiún chun dul i ngleic leis an imirce ar dhóigh comhtháite agus comhordaithe. I ndáil leis sin, ba cheart don Aontas dlús a chur le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoi Phróiseas Chartúm a seoladh i mí na Samhna 2014, faoina dtugtar Ballstáit an Aontais, tíortha Chorn na hAfraice, agus an Éigipt agus an Túinéis le chéile mar thíortha idirthurais agus díreofar ar thorthaí ar bhonn forbarthach. Le Próiseas Chartúm, go háirithe, beidh fóram tábhachtach ar fáil don idirphlé polaitiúil le comhpháirtithe ar leibhéal na n-Oifigeach Sinsearach, ina ndíreofar ar chur chuige a bheidh bunaithe ar chearta an duine. Ba cheart don Aontas oibriú go háirithe leis an Aontas Afracach, leis an Aetóip, leis an Eiritré agus leis an tSúdáin chun bainistiú na himirce sa réigiún a fheabhsú.

(ii) **Feabhas a chur ar éascú na himirce dleathaí agus na soghluaisteachta:** Ba cheart don Aontas féachaint ar bhealaí ina bhféadfaí tacú le deiseanna chun dul ar imirce go dleathach go dtí an Eoraip, i gcomhréir leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas féachaint ar bhealaí chun tacú leis an imirce Theas-Theas, amhail forbairt agus cur chun feidhme comhaontuithe réigiúnacha maidir le himirce dhleathach laistigh de Chorn na hAfraice agus níos faide anonn, lena n-áirítear trí eagraíochtaí réigiúnacha amhail IGAD, an Cómhargadh in Oirthear agus i nDeisceart na hAfraice (COMESA), Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC) agus Comhphobal na hAfraice Thoir (EAC).

(iii) **An imirce mírialta, smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc:** Toisc gairmiúlacht na líonraí gáinneála agus smuigleála a bheith ag feabhsú i gcónaí, ba cheart don Aontas tacú le forbairt na reachtaíochta i ndáil le gáinneáil agus smuigleáil, agus le fothú acmhainní na n-údarás póilíneachta agus breithiúnach agus na meicníochtaí comhordúcháin náisiúnta a neartú freisin. Ba cheart don Aontas tacú freisin le meicníochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, trí IGAD agus na Náisiúin Aontaithe b'fhéidir, d'fhonn faisnéis a chomhroinnt agus oibríochtaí comhpháirteacha a sheoladh i gcoinne gáinneálaithe agus smuigléirí sa réigiún. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas cuimhneamh ar thionscadal maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha i gCorn na hAfraice a chur chun feidhme, i gcomhréir iomlán le cur chuige cuimsitheach an Aontais.[8]

---

8 Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige cuimsitheach an Aontais, cruinniú de chuid na Comhairle Gnóthaí Eachtracha a tionóladh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2014.

(iv) **Ag tacú leis an gcur ar ais inbhuanaithe agus an comhar maidir le hathligean isteach a chur chun cinn:** Ba cheart leas a bhaint as gníomhaíochtaí an Aontais chun dreasachtaí a chruthú agus, ina theannta sin, chun brú a chur, chun go mbeidh comhar feabhsaithe ann maidir le hathligean isteach. Ba cheart don Aontas, i gcomhthráth leis sin, leanúint d'fheabhas a chur ar chumais na dtíortha i gCorn na hAfraice teifigh fhillte a athimeascadh agus tacú le dálaí a chruthú ina gcuirfear bonn buan faoina dteacht ar ais. Go háirithe, ba cheart don Aontas an comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta a uasghrádú (i) chun a áirithiú go ndéanfar Somálaigh atá ag filleadh ó Éimin agus ón gCéinia a athimeascadh sa tSomáil agus (ii) chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha le Somálaigh a aisdúichiú go dtí an tSomáil ar bhonn sábháilte, inbhuanaithe.

(v) **Cosaint a chur ar fáil dóibh siúd atá i ngátar:** Ba cheart don Aontas forbairt a dhéanamh ar an gClár Forbartha Cosanta Réigiúnaí (RDPP) do Chorn na hAfraice agus tacaíocht a thabhairt do stáit sa réigiún cur le cosaint teifeach agus daoine easáitithe ina dtír féin, tacú le teifigh fhadtéarmacha agus daoine easáitithe a imeascadh i bpobail aíochta agus cur le téarnamh agus le slite beatha na bpobal sin. Ba cheart don Aontas féachaint ar a bhféadfaí a dhéanamh chun cabhrú leis an Aetóip breis a dhéanamh chun teifigh ón Eiritré a imeascadh san Aetóip agus breathnóidh sé ar a réidhe atá an tSúdáin gníomhaíochtaí comhchosúla a ghabháil de láimh.

(vi) **Infheistíocht a dhéanamh san fhorbairt:** Ba cheart don Aontas luí amach air féin chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh, ar bhonn cuimsitheach, i gcláir an chomhair um fhorbairt le tíortha tionscnaimh, go sonrach an Eiritré agus an tSomáil, ar na tosca a thugann ar dhaoine aonair imeacht, amhail coinbhleachtaí, an éagobhsaíocht, tubaistí nádúrtha, an bhochtaineacht nó easpa bunseirbhísí sóisialta. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an easáitiú, lena n-áirítear an imirce, ar na cláir uile forbartha a mhaoinítear faoi Chláir Tháscacha Náisiúnta nó Réigiúnacha, agus ba cheart an measúnú sin a dhéanamh agus na cláir sin á gceapadh. Ba cheart don Aontas tacú freisin le tionscnaimh chun ról na ndiaspóraí a fheabhsú sna próisis a bhaineann le forbairt agus leis an bpolaitíocht. Ba cheart don Aontas oibriú go dícheallach le stáit idirthurais freisin chun go bhféadfaidh siad friotháil ar imircigh nó ar theifigh óna gcomharsanacht féin ar bhealach níos fearr trí dheiseanna eacnamaíocha a chruthú do na comhphobail aíochta, do na himircigh agus do na teifigh freisin. Ba cheart treisiú le cumas thoscaireachtaí an Aontais freisin i réimse na himirce agus an easáitithe.

(vii) **Ag féachaint ar cheisteanna atá ag teacht chun cinn:** Ba cheart don Aontas anailísí a sheoladh ar na fachtóirí áitiúla lena spreagtar sreabha imirce measctha agus ar an nasc idir an imirce agus an tslándáil i gCorn na hAfraice, lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann leis an radacú agus leis an imirce agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a bhfuil ag titim amach i gCorn na hAfraice féin ar chomhphobail diaspóra san Eoraip, agus ba cheart dó anailísí a sheoladh ar an nasc idir an gháinneáil ar dhaoine, ar earraí (e.g. drugaí, táirgí fiadhúlra) agus ar airm i gCorn na hAfraice chun go bhféadfar tuilleadh gníomhaíochtaí a shainaithint.

**Cur i gcoinne an radacaithe agus an antoisceachais fhoréignigh**

(i) **Tacú le tionscnaimh réigiúnacha agus dhomhanda i dtaca leis an bhfrithsceimhlitheoireacht:** Ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh réigiúnacha agus dhomhanda i dtaca leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus maidir le cur i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh, amhail an Fóram Domhanda Frithsceimhlitheoireachta maidir le Corn na hAfraice, a bhfuil an tAontas agus an Tuirc mar chomhchathaoirligh air. Ba cheart don Aontas bearta feabhsúcháin a chur chun cinn chun cumas na dtíortha sa réigiún a neartú le go bhféadfaidh siad an fhrithsceimhlitheoireacht agus antoisceachas foréigneach a chomhrac, maille le comhpháirtithe idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe. Ba cheart don Aontas an comhar a chur chun cinn freisin idir na tíortha sa réigiún chun faisnéis a chomhroinnt, lena n-áirítear cabhrú le próiseas Djibouti, arb é an tAontas Afracach atá ina fheighil, chomh maith le cuidiú le stáit aonair ar mian leo an comhar dlíthiúil agus faisnéise a fheabhsú.

(ii) **An comhar don fhorbairt mar sprioc** d'fhonn maolú a dhéanamh ar na tosca bunaidh agus ar na bunchúiseanna is cionsiocair leis an radacú. Ar na fachtóirí a sainaithníodh mar bhunchúiseanna coitianta leis an radacú tá: mífheidhm struchtúrach stát, amhail a neamhchumas chun rochtain ar sheirbhísí sóisialta bunúsacha a chur ar fáil, go háirithe sláinte agus oideachas i measc na ndaoine is boichte agus is imeallaithe, agus an t-éilliú. Ar bhonn anailís bhreise ar na cúiseanna áitiúla atá le bagairtí foréigneacha antoisceacha, ba cheart don Aontas an comhar um fhorbairt atá ar bun aige a spriocdhíriú agus a shainiú ar bhealach níos fearr agus ar shlí lena spreagfaí an stát glacadh lena fhreagrachtaí maidir le soláthar seirbhísí poiblí agus chun cearta daonna a chuid saoránach a chosaint.

(iii) **Cur leis an bhfothú acmhainní sa cheartas, sa tslándáil agus i bhforfheidhmiú an dlí:** I gcás ina bhfreagraíonn tíortha sa réigiún don antoisceachas foréigneach ar bhonn neamh-idirdhealaitheach le lámh láidir agus cumas neamhleor agus ábaltachtaí neamhleora ina mbearta leantacha ar chásanna sceimhlitheoireachta agus san imscrúdú orthu, beidh an baol ann go méadófar na fadhbanna ar ceapadh iad le dul i ngleic leo i gcéaduair agus go ndéanfar saoránaigh a choimhthiú dá bharr. Ba cheart don Aontas tacú le hathchóirithe in earnáil na slándála, lena ndíreofaí ar chumas na n-údarás a neartú chun go mbeidh sia in ann freagairt don antoisceachas foréigneach, agus cearta an duine á n-urramú ag an am céanna, agus cásanna líomhnaithe sceimhlitheoireachta a imscrúdú agus a ionchúiseamh mar is ceart.

(iv) **An chaoinfhulaingt a chothú agus guth na measarthachta a chur os ard:** Tá freagracht thábhachtach ar rialtais, trí bhunaíochtaí oideachais an stáit, ar phobail áitiúla agus ar phobail chreidimh maidir leis an gcaoinfhulaingt a chothú mar aon le scileanna criticiúla smaointeoireachta, ar nithe riachtanacha iad chun dul i ngleic leis an radacú ar bhonn fadtéarmach. Is uirlis bhunúsach í rochtain iomlán agus saor a bheith ar gach institiúid oideachais phoiblí chun an t-imeallú agus an radacú a chosc; ba cheart go mbeadh tacaíocht an Aontais Eorpaigh san earnáil sin bunaithe ar mheasúnú cáiréiseach a dhéanamh ar na gníomhaireachtaí a chuireann tograí chun feidhme sa réimse sin as cosa i dtaca. Ba cheart don Aontas tacú le hathchóirithe na rialtas lena ndírítear ar an gcaoinfhulaingt a chothú. Ba cheart don Aontas tacú freisin leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ag pobail áitiúla maidir le hidirghabháil coinbhleachta agus réitigh áitiúla a éascú mar aon le hidirphlé idirchreidmheach agus tráchtinsintí frithsceimhlitheoireachta. Ba cheart go bhféachfadh an tAontas le tacaíocht a fhorbairt do dhaoine aonair a bhfuil droim láimhe tugtha acu do ghluaiseachtaí antoisceacha d'fhonn foráil orthu labhairt amach go poiblí i gcoinne na mealltachta a bhaineann le gluaiseachtaí den chineál sin. Féadfar éadáil thábhachtach a bhaint as straitéisí agus gníomhaíochtaí freisin lena ndéanfar mná a chumhachtú chun an radacú a chosc agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

(v) **Freagairt chliste don antoisceachas foréigneach:** Ba cheart don Aontas cúnamh a thairiscint do na rialtais chun beartais a fhoirmiú agus a chur os ard, lena ndéanfar antoisceachas foréigneach a chomhrac; beartais a bheidh iomlánaíoch agus ina léirítear buntuiscint ar na fórsaí sin is cionsiocair leis an radacú ar an gcéad ásc. Ba cheart go bhféachfadh an tAontas freisin le tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta, lena n-áirítear comhlachtaí reiligiúnacha a oibríonn chun antoisceachas foréigneach a chosc. Ba cheart féachaint le tacaíocht a thabhairt chun Clár Earnáil Slándála IGAD a chur chun feidhme.

(vi) **Ag féachaint ar cheisteanna atá ag teacht chun cinn:** Ba cheart don Aontas tacú le hanailísí acadúla ar na cúinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta is cionsioacair leis an radacú, lena n-áirítear maoiniú.

**An tÓgra agus an Fhostaíocht**

(i) **Tacaíocht a thabhairt don fhiontraíocht agus don fhás cuimsitheach inbhuanaithe eacnamaíoch:** Ba cheart don Aontas tacú le forbairt na fiontraíochta san earnáil phríobháideach, trí thacú le forbairt na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna), trí fhiontraíocht, tríd an mhicrichreidmheas agus trí ghréasáin ghnó, trí imeascadh an diaspóra, agus trí thrádáil a éascú. Ba cheart don Aontas leanúint de bheith tiomanta do na Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch (EPAnna) le tíortha Chorn na hAfraice, d'fhonn na caidrimh thrádála a neartú.

(ii) **Dea-chleachtas gnó a chothú agus an t-éilliú a chomhrac:** Ba cheart don Aontas tacú le tionscnaimh chun eolas agus dea-chleachtas a roinnt maidir le feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus dlí. Ba cheart don Aontas luí amach air féin freisin chun dul i ngleic leis an éilliú, trí thionscnaimh chun cumas na stát a fhorbairt sa réimse sin chomh maith le hiarrachtaí lena spreagfar earnáil an ghnó chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin ar bhealach níos gníomhaí.

(iii) **Gairmoiliúint a fhorbairt:** Ba cheart don Aontas tacú le cláir agus tionscadail le haghaidh na gairmoiliúna agus chun scileanna teicniúla a fhorbairt, go háirithe a mhéid a bhaineann le daoine óga. Ba cheart na riachtanais maidir le gairmoiliúint a shainaithint i ndlúthchomhar leis an earnáil phríobháideach. Ba cheart ionaid oiliúna gairmiúla atá ann cheana a athchóiriú nó a uasghrádú, nó, i gcás ina sainaithnítear go bhfuil gátar leis, ionaid nua a thógáil. Ba cheart go mbeadh rochtain ar an ngairmoiliúint ag mná agus fir araon.

(iv) **An lúdracht a fheabhsú:** Ba cheart don Aontas forbairt tuaithe a chur chun cinn trí thacú leis an mbonneagar iompair chun limistéir tuaithe a nascadh le margaí. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas cúnamh a chur ar fáil chun na naisc iompair idir limistéir lárnacha agus limistéir imeallacha a fheabhsú, chomh maith le naisc trasteorann.

(v) **Iarchomhraiceoirí a athimeascadh:** I gcásanna iarchoinbhleachta, bíonn gá le grúpaí móra de leanaí nó de dhaoine óga dí-armáilte, easáitithe – fir, go príomha, ach mná chomh maith – nach bhfuil oideachas ná oiliúint ar chor ar bith ar mhórán díobh, a athimeascadh. Ba cheart don Aontas, agus gné na hinscne á cur san áireamh go huile agus go hiomlán, tacú le tionscadail lena bhféadfaidh siad imeascadh sa tsochaí agus slite beatha a fhorbairt.

**Cearta an duine, an smacht reachta agus an rialachas daonlathach**

(i) **Dul i ngleic le cearta an duine de réir tíre:** Rinne an tAontas tosaíochtaí oiriúnaithe a shainaithint do na cúinsí i ngach tír sa réigiún ina straitéisí tíre i leith chearta an duine a glacadh ó 2012 i leith, agus ba cheart go leanfaí d'aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin d'fhonn na comhpháirtithe spreagadh chun beartais a shaothrú lena ligfear do na saoránaigh ról a imirt i gcúrsaí rialachais. Go háirithe, ba cheart don Aontas, i gcomhréir leis na straitéisí tíre i leith chearta an duine, béim a chur, trí idirphlé polaitiúil le comhpháirtithe, ar an tábhacht a bhaineann le saoirse cainte agus tuairimíochta a áirithiú, lena n-áirithítear cearta na mban agus sochaí shibhialta bhríomhar, chriticiúil a spreagadh trí, *inter alia*, saoirse comhlachais agus comhthionóil a urramú. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar an bhforéigean gnéasach agus ar an mí-úsáid ghnéasach a chosc ar gach uile leibhéal. Ar an iomlán, ba cheart an tábhacht a bhaineann le hurramú ceanglais idirnáisiúnta i ndáil le cearta an duine a chur i bhfáth san idirphlé polaitiúil.

(ii) **Tacú le prionsabail an daonlathais:** Ba cheart don Aontas tacaíocht a thabhairt chun go mbunófar agus go bhforbrófar próisis dhaonlathacha agus institiúidí daonlathacha. Ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt do thoghcháin dhaonlathacha a thionól trí Mhisin Feitheoireachta Toghchán i dtíortha is iomchuí, chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil i ndáil le cur chun feidhme na moltaí uathu.

(iii) **Deireadh a chur le céastóireacht:** Le droch-íde ó na fórsaí slándála, bíodh sin i bhfoirm an chéasta, i bhfoirm gabhálacha treallacha nó i bhfoirm coinneáil réamhthrialach, cuirtear le doicheall i measc na saoránach atá thíos leis an droch-íde sin; ba cheart don Aontas dlús a chur lena iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, lena n-áirítear trí mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail i gcás inarb iomchuí.

(iv) **Cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn:** Bíonn deacrachtaí le sárú fós ag tíortha comhpháirtíochta maidir lena áirithiú go mbeidh gach saoránach in ann leas a bhaint as cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha; ba cheart don Aontas aghaidh a thabhairt i gcónaí ar shaincheisteanna amhail rochtain ar uisce agus deimhneacht an tsoláthair bhia trí thionscadail don fhorbairt, agus treisiú freisin leis an obair atá ar bun aige ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn, amhail grabáil talún, a bhfuil tionchar ar leith acu ar shlí beatha na ndaoine is boichte agus na ndaoine sin is mó atá ar an imeall.

(v) **Tacú le cosantóirí chearta an duine:** Bíonn ról ríthábhachtach ag cosantóirí chearta an duine i ndáil le fadhbanna a shainaithint maidir le cearta an duine agus rialachas daonlathach a chur chun feidhme, ach is minic a bhíonn siad féin thíos leis mar gheall ar dheacrachtaí a bheith acu; i gcomhréir le treoirlínte an Aontais maidir le Cosantóirí Chearta an Duine, ba cheart don Aontas dlús a chur lena abhcóideacht thar ceann chosantóirí chearta an duine chun an dlisteanacht atá acu a threisiú, agus le leanúint le tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil, lena n-áirítear trí naisc réigiúnacha a neartú idir cosantóirí.

(vi) **An smacht reachta a neartú:** Baintear an bonn de mhuinín na saoránach as institiúidí stáit trí sháruithe ar an smacht reachta — cibé acu trí thrialacha éagóracha, gan rochtain ar réitigh dhleathacha a bheith ag duine ar chor ar bith, nó iompraíocht leis an láimh láidir ó fhórsaí póilíneachta atá páirtíneach, neamhchuntasach nó éillitheach. Ba cheart go spreagfadh an tAontas gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar chumas agus ar éifeachtúlacht an chórais dlí, agus chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna, neamhchlaontacht agus proifisiúntacht na bhfórsaí póilíneachta a neartú agus chun rochtain níos leithne ar cheartas a sholáthar, lena n-áirítear ceartas idirthréimhseach i dtíortha iarchoinbhleachta. Ba cheart go ndéanfaí machnamh ar chistiú do chláir maidir le hAthchóiriú na hEarnála Slándála.

(vii) **Bailiú éifeachtach ioncaim a chur chun cinn:** Is é an foinse is cobhsaí dá bhfuil ar fáil chun forbairt inbhuanaithe a mhaoiniú airgeadais phoiblí intíre a sholáthar agus a úsáid go héifeachtach. I gcomhréir le Tionscnamh Addis um Cháin, ba cheart go dtacódh an tAontas leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na comhpháirtithe cothroime, trédhearcacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras cánach a fheabhsú.

(viii) **Tacú le hurramú an Dlí Dhaonnúil Idirnáisiúnta:** Níl deireadh ar bith le sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, cibé acu ó ghníomhaithe stáit nó eile, i roinnt tíortha éagsúla sa réigiún. Ba cheart go neartódh an tAontas a iarrachtaí chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta, i gcomhréir leis na Treoirlínte ón Aontas maidir le comhlíonadh an Dlí Dhaonnúil Idirnáisiúnta a chur chun cinn[9].

(ix) **Mná a chosaint i gcásanna coinbhleachta:** Ba cheart go neartódh an tAontas a iarrachtaí maidir le cosaint a thabhairt do mhná agus do chailíní i gcásanna coinbhleachta ar gach cineál foréigin, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe, maidir le Rún 1325 agus le Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, mar aon leis an Treoir maidir le Gníomhaíochtaí Praiticiúla ar leibhéal an Aontais chun Deireadh a chur leis an bhForéigean Gnéasach i gCásanna Coinbhleachta. Ar na hiarrachtaí sin, ba cheart go n-áireofaí bearta lena ndíreofaí ar an bhforéigean sin a chosc agus lena n-áiritheofaí cuntasacht as.

(x) **Leanaí a chosaint i gcásanna coinbhleachta:** Ba cheart don Aontas leanúint lena iarrachtaí leanaí i gcásanna coinbhleachta a chosaint ar gach sárú agus míúsáid, lena n-áirítear, inter alia, leanaí a earcú agus a úsáid agus iad a mharú agus a bhallbhascadh, agus ba cheart don Aontas freisin na hiarrachtaí sin a neartú tuilleadh, maidir le Rún 1612 agus leis na rúin a tháinig ina dhiaidh sin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, mar aon leis na Treoirlínte ón Aontas maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha. Ar na hiarrachtaí sin, go ba cheart go n-áireofaí bearta lena ndíreofaí ar dheireadh a chur leis na sáruithe agus leis an míúsáid a dhéantar i gcoinne páistí agus lena ndíreofaí ar na sáruithe agus ar an míúsáid sin a chosc, agus ba cheart freisin go n-áireofaí bearta lena n-áiritheofaí cuntasacht astu.

---

[9] Treoirlínte Nuashonraithe an Aontais Eorpaigh maidir le comhlíontacht leis an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta (DDI) 2009/C 303/06, a foilsíodh in IO C 303/12 an 15 Nollaig 2009.

## 5 Ionstraimí agus tionscnaimh an Aontais

Beidh réimse ionstraimí agus meicníochtaí i gceist le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta lena ndíreofar ar an gcur chuige cuimsitheach a neartú. Áireofar leis sin iarrachtaí i réimse na taidhleoireachta, na slándála, an airm, na trádála agus an chomhair um fhorbairt.

Is faoi chuimsiú chomhpháirtíocht AE-ACC faoi Chomhaontú Cotonou a oibrítear i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta ó Chorn na hAfraice. Leis na Cláir Tháscacha Náisiúnta do seacht dtír i gCorn na hAfraice agus don Tansáin faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF, 2014-2020), d'fhéadfadh go gcuirfí cuid thábhachtach den mhaoiniú ar fáil do chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta seo. Thairis sin, d'fhéadfaí díriú ar thionscadail agus gníomhaíochtaí faoin bPlean Gníomhaíochta sin leis na cistí ón 11ú Clár Réigiúnach Táscach (CRT) don Afraic Thoir, do Dheisceart na hAfraice agus do réigiún an Aigéin Indiaigh (EA-SA-IO) agus ón gClár Pan-Afracach (PANAF) faoin Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt[10] (ICF). Cé go ndírítear le CEF agus ICT den chuid is mó ar fhorbairt fhadtéarmach, tá sainorduithe éagsúla ag roinnt le hionstraimí eile agus tréimhsí ama éagsúla ag baint leo agus lena ndírítear ar an tslándáil, ar an gcobhsaíocht agus ar an tsíocháin. Tá an Ionstraim lena gcuirtear leis an gCobhsaíocht agus leis an Síocháin[11] (IcCS) ceaptha chun freagairt ar ghéarchéimeanna atá ann nó ar ghéarchéimeanna atá ag teacht chun cinn chun coinbhleachtaí a chosc (Airt. 3, gníomhaíochtaí nach mbaineann clársceidealú leo), agus chun tacú le coinbhleachtaí a chosc, le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus le síocháin a chothú (Airt. 4, gníomhaíochtaí a mbaineann clársceidealú leo). Faoi Airteagal 5, dírítear le IcCS ar bhagairtí domhanda agus trasréigiúnacha agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn (gníomhaíochtaí a mbaineann clársceidealú leo).

10 Rialachán (AE) Uimh. 233/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear ionstraim maoinithe maidir le comhar um fhorbairt don tréimhse 2014-2020.

11 Rialachán (AE) Uimh. 230/2014 an 11 Márta 2014 lena mbunaítear ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus le síocháin.

Ina theannta sin, d'fhormheas an Coimisiún Eorpach an 9 Meán Fómhair 2015 go mbunófaí Ciste Iontaobhais Éigeandála de chuid an Aontais Eorpaigh don chobhsaíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá taobh thiar den imirce mhírialta agus d'easáitiú daoine san Afraic (CIAE) mar Chiste Iontaobhais géarchéime. Is é an cuspóir foriomlán atá leis an gCiste Iontaobhais aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim sa tSaiheil agus in imchuach Loch Shead, i gCorn na hAfraice, lena n-áirítear an Tansáin, agus i réigiúin san Afraic Thuaidh. Leis an gciste, tacófar le gnéithe uilig na cobhsaíochta agus cabhrófar le bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an imirce, agus tabharfar aghaidh freisin ar bhunchúiseanna an díchobhsaithe, an easáitithe éigeantaigh agus na himirce mírialta, go háirithe trí athléimneacht, comhdheiseanna, slándáil agus forbairt a chur chun cinn. Mhol an Coimisiún Eorpach go gcuirfí EUR 1.8 billiún de chistí an Aontais ar fáil lena n-áirítear EUR 1 billiún ó Chúlchiste CEF. D'iarr an Coimisiún Eorpach ar na Ballstáit agus ar dheontóirí eile cur leis an gciste. Le CIAE, chomhlánófaí na cláir atá ann cheana agus chuideofaí le cur chun feidhme an Phlean Ghníomhaíochta Réigiúnaigh.

Tar éis an triomaigh dhian a dhein léirscrios ar Chorn na hAfraice in 2010-2011, ghlac IGAD straitéis réigiúnach don athléimneacht (Tionscnamh IGAD don Athléimneacht agus don Inbhuanaitheacht in aghaidh Géarchéimeanna Triomaigh (TIAIGT)) lena ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí triomaigh agus suaití eile sa réigiún bhealach inbhuanaithe agus iomlánaíoch. Sainaithnítear le TIAIGT seacht limistéar tosaíochta idirghabhála ina gcabhróidh infheistíocht agus gníomhaíocht chun athléimneacht a chothú trí leochaileacht in éadan suaite aeráide agus eacnamaíocha a laghdú do phobail ar leith. Creat comhchoiteann atá sa straitéis chun cláir náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt a bheidh ceaptha chun cur leis an athléimneacht in aghaidh an triomaigh trí inbhuanaitheacht a fhorbairt i réigiún IGAD.

I gcomhréir le straitéis TIAIGT agus leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le "Cur chuige an Aontais Eorpaigh i leith na hathléimneachta: ag foghlaim de bharr géarchéimeanna slándála bia" (COM(2012)586 final), tá seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh ag ullmhú clár nua athléimneachta a d'fhéadfadh tacú le TIAIGT.

Sheol Comhdháil Aireachta a tionóladh sa Róimh i mí na Samhna 2014 Tionscnamh an Bhealaigh Imirce idir an tAontas agus Corn na hAfraice ("Próiseas Chartúm"). . Leis an tionscnamh sin, tugtar le chéile na tíortha tionscnaimh, idirthurais agus cinn scríbe atá ar na bealaí imirce ó Chorn na hAfraice go dtí an Eoraip. Le linn na chéad chéime, ba cheart go ndíreofaí, le gníomhaíochtaí faoin tionscnamh, ar aghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil ar dhaoine, chomh maith le smuigleáil imirceach, agus go mbeadh sé i gceist an próiseas a leathnú ag céim níos déanaí. Dhein Coiste Stiúrtha Phróiseas Chartúm sraith gníomhaíochtaí nithiúla a shainaithint cheana féin.

Tá an tAontas ag ullmhú Clár Forbartha agus Cosanta Réigiúnach (RDPP) freisin i gCorn na hAfraice, agus é mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chosanta agus forbartha atá ag daoine atá thíos le heasáitiú fadtéarmach, go háirithe trí dheiseanna oideachais agus slí beatha a chruthú do dhaoine easáitithe ina dtír féin (IDPanna), do theifigh agus do phobail aíochta.

Tháinig dul chun cinn suntasach le "Comhdháil an Mhargaidh Nua" idir an tAontas agus an tSomáil, a reáchtáladh sa Bhruiséil an 16 Meán Fómhair 2013 le formhuiniú Comhshocraithe idir an tSomáil agus an comhphobal idirnáisiúnta (Comhshocrú na Somáile). Leagtar amach leis na tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí práinneacha do na blianta 2014-2016 d'aidhmeanna síochána agus chothaithe stáit, lena n-áirítear fís pholaitiúil do phróiseas cuimsitheach polaitiúil lena ndéanfaí den tSomáil tír chobhsaí agus chónaidhme trí Bhunreacht Cónaidhme a ghlacadh agus toghcháin a reáchtáil faoin mbliain 2016. Cumhdaítear sa Chomhshocrú prionsabal úinéireacht na Somáile, lena n-áirítear gealltanais i gcoinne na dtagarmharcanna agus prionsabal na rannpháirtíochta dírí. Áirítear leis freisin prionsabail do chomhordú deontóirí agus meicníochtaí airgeadais chun tacaíocht idirnáisiúnta a dhíriú i dtreo tosaíochtaí an Chomhshocraithe.

## 6 Comhordú agus Faireachán

Ní mór gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát a chomhordú go dlúth i gcomhréir leis an gcur chuige cuimsitheach. Tá gá le comhordú neartaithe, go háirithe i dtíortha an réigiúin agus beartófar amhlaidh. Áirítear leis sin forléargas níos fearr ar thionscnaimh atá ar bun agus beartaithe. Ba cheart go ndéanfar na hiarrachtaí sin ar aon chéim le príomhghníomhaithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile.

Ba cheart faireachán iomchuí a bhunú chun cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a moladh a mhaoirsiú, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Maidir le bainistiú riosca, ní mór measúnuithe ar choimhlintí agus ar rioscaí a nuashonrú go rialta don réigiúin agus do thíortha.

I ndáil le Ciste Iontaobhais an Aontais, cinnteoidh Bord Chiste Iontaobhais go ndéanfar maoirsiú ar an straitéis fhoriomlán. Beidh an Coimisiún Eorpach ina chathaoirleach ar an mBord le hionadaithe Bhallstáit an Aontais agus bhronntóirí eile ag cur leis an gCiste i gcomhréir le Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh.